Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Foirgníochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**


Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta*

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric – Gnáthleibhéal*




# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

**Ceist 1. Cuid (a)**




Sonraíocht – gnáthshonraí

- Plástar inmheánach 15 mm le cóta scimeála
- Fráma dorais 120 × 50 mm
- Doras painéil comhréidh 60 mm
- Imchásáil 65 × 15 mm
- Clár sciorta 100 × 15 mm
- Urlár saor crua-adhmaid 20 mm le teanga agus eitre
- Téip/séala aerdhíonachta
- Urlár mín coincréite 100 mm
- Insliú 250 mm ar a laghad agus insliú imill 80 mm
- Fo-urlár coincréite 200 mm
- Bacainn radóin
- Bailchríoch ghainimh 30 mm
- Truncáil 200 mm
- Bunsraith choincréite threisithe
- Blocbhalla soladach coincréite 215 mm
- **Trí** ghnáth-thoise ar bith.

*N.B. Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*


**Cuid (b)**
**Taispeáin ar an líníocht na gnáth-shonraí dearaidh le gás radóin a chosc ar theacht isteach sna seomraí tríd an urlár**

- Ciseal d'ábhar neamh-thréscaoilteach a leagan faoin urlár
- Tugtar bacainn radóin ar an gciseal seo
- Ní mór na hailt uile a fhorluí ar a chéile, téip a chur orthu agus iad a shéalú.

**Ceist 2**
**Cuid (a)**

**Taispeáin modh oiriúnach amháin le polaistiréin fhorbartha a chur le balla seachtrach – nótaí agus sceitse**

- Feistítear rianán cruach dosmálta ar an mballa seachtrach ag leibhéal an chúrsa thaisdíonaigh
- Cuirtear an chéad sraith de chláir inslithe B ina suí ar an rian
- Úsáidtear greamachán dílsithe speisialta C chun na cláir a ghreamú san áit cheart.
- Greamaítear na chéad sraitheanna inslithe eile i bpátrún scaipthe.
- Feistítear na sraitheanna uile agus tugtar deis don ghreamachán socrú
- Úsáidtear suiteacha speisialta cruach dosmálta D chun gach clár a choinneáil ina áit.
- Úsáidtear suiteacha níos faide i gcomhair cláir inslithe níos tibhe
- Suiteáiltear na suiteacha seo trí dhruileáil tríd an insliú agus isteach sa bhalla
- Ansin buailtear na suiteacha isteach le casúr
- Is ionann an líon suiteach agus seacht suiteach in aghaidh an mhéadair chearnaigh de ghnáth.
- Ábhair inslithe: polaistiréin, clár snáithíní mianracha agus cúr feanólach.





**Tiús an inslithe**

- Úsáidtear insliú 200 mm ar tiús ar a laghad.

**Cuid (b)**
**Déan sceitse soiléir chun an chaoi a gcuirtear bailchríoch dhromchla ar an insliú a léiriú**
Cuirtear an bhailchríoch dromchla air mar seo a leanas

- Líontar bioranna na suiteach leis an gcóta íochtair.
- Cuirtear cóta íochtair de phlástar aicrileach A ar dhromchla inslithe S
- Cuirtear an cóta seo air mar a dhéanfaí le plástar traidisiúnta
- Cuirtear mogall atreisithe B ar an bplástar fliuch.
- Cuirtear an cóta íochtair agus an mogall timpeall ar oscailtí fuinneoige agus dorais
- Cuirtear an chéad chóta eile C air mar réiteach don chóta deiridh
- Cuirtear an cóta deiridh aicrileach D air ansin agus lián cruach á úsáid
- Tá an bhailchríoch ar fáil i réimse dathanna
- Ní theastaíonn aon chothabháil ón dromchla nua ar feadh 10-15 bliana
- Tá bailchríocha dílsithe eile ar fáil freisin, amhail cuma brící.



**Cuid (c)**

**Pléigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le córas inslithe seachtrach a chur le ballaí an tí**

**Buntáiste**


- Laghdaítear billí fuinnimh
- Laghdaítear an méid teasa a chailltear trí na ballaí seachtracha
- Feabhsaítear an rátáil BER
- Feabhsaítear an U-luach
- Beidh an teach níos teo
- Ní chailltear aon achar urláir inmheánaigh
- Tá réimse dathanna ar fáil
- Feabhsaítear an chuma atá ar an teach agus bíonn cuma dheas air nuair a chríochnaítear é
- Ní chuirtear isteach ar an gcuid inmheánach den teach agus an t-insliú á fheistiú
- Ní bhíonn an córas teasa ag teastáil chomh minic céanna, mar sin, bíonn astuithe $CO_2$ níos ísle agus dá bhrí sin tá sé níos fearr don chomhshaol

**Míbhuntáiste**

- Is modh costasach é chun insliú a chur ar theach
- Bíonn an bhailchríoch nua ag gobadh amach ó na ballaí
- Déantar athruithe ar leaca na bhfuinneog chun éifeacht an droichid theirmigh a sheachaint
- Ní mór fánphíobáin bháistí a athfheistiú
- Bíonn sé deacair oibriú leis an tarrchlár atá ann cheana
- D'fhéadfadh sé go mba gá an t-éadanchlár agus an tarrchlár a athshuí
- Bíonn cothabháil de dhíth.

**Ceist 3 Cuid (a)**

**Taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun uisce te a sholáthar do chithfholcadh – gnáth-thoisí**



**Córas cúrsaíochta tánaisteach – gnáth-thoisí**

- Píobán ardaitheach 15 mm
- Comhla stoptha
- Umar stórála inslithe le haghaidh uisce fuar agus píobán sceite 22 mm ar a laghad
- Comhla liathróide
- Soláthar fuaruisce 22 mm ón umar stórála uisce go dtí an sorcóir uisce the
- Comhla stoptha rialaithe
- Comhla draenála
- Sorcóir inslithe uisce the
- Píobán borrtha 22 mm ón sorcóir uisce the
- Soláthar uisce the 22 mm go dtí an cithfholcadán

**Príomhchóras cúrsaíochta – Gnáth-thoisí**

- Sorn a dhónn adhmad
- Comhla draenála
- Píobán príomhshrutha 28 mm ón sorn a dhónn adhmad chuig an sorcóir uisce the
- Príomhphíobán fillte 28 mm ón sorcóir uisce the chuig an sorn a dhónn adhmad
- Fotha fuar 22 mm ó umar borrtha chuig an sorn a dhónn adhmad
- Píobán borrtha 22 mm
- Umar borrtha inslithe agus píobán sceite 22 mm ar a laghad
- Comhla liathróide.

*N.B. Glactar le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*

**Cuid (b)**

**Buntáiste amháin a bhaineann le sorn a dhónn adhmad a úsáid chun uisce a théamh do teach.**

- Is foinse in-athnuaite fuinnimh é agus tá sé níos saoire
- Tá soirn nua-aimseartha a dhónn adhmad an-éifeachtúil
- Deartar soirn chun uisce baile a théamh
- Ath-ionsúnn na crainn an méid $CO_2$ céanna agus a scaoiltear nuair a dhóitear an t-adhmad
- Déantar forlíonadh ar chineálacha eile teasa lárnaigh le soirn a dhónn adhmad
- Tá breoslaí iontaise an domhain ag éirí gann agus tá tóir níos mó ar shoirn a dhónn adhmad
- Déantar bloic adhmaid as fuíollábhar adhmad go bunúsach – neamhchostasach, athchúrsáilte, neodrach ó thaobh carbóin de
- Bíonn tithe ina bhfuil soirn a dhónn adhmad deas teolaí tarraingteach
- Is féidir d’adhmad féin a fhás, speicis a fhásann go tapa e.g. saileach

**Ceist 4 Cuid (a)**


**Déan plé ar chúis timpeallachta amháin a mheastar fotha stéille a bheith ar an bhfotha is oiriúnaí don teach seo – Nótaí**

- Úsáidtear an t-achar talaimh is lú is féidir don fhotha
- Ní gá mórán tochailte a dhéanamh
- Úsáidtear níos lú innealra Úsáidtear níos lú breosla
- Úsáidtear an líon is lú coincréite, greanmhill agus cruach is féidir
- Úsáidtear fotha stéille go forleathan
- Éasca le leagan amach
- Léiríodh fiúntas an chineáil seo fotha le blianta fada anuas
- Éasca go leor le tógáil
- Éasca le líonadh agus éasca le cothromú
- Mar gheall air sin, ní chuireann fothaí stéille isteach chomh mór sin ar an gcomhshaol.

**Cuid (b)**


**Conas a mharcáiltear amach trinse an fhotha faoi na ceannteidil seo a leanas – Nótaí agus Sceitsí**

**Próifílí – Nótaí agus sceitsí**




- Bíonn dhá chuaille agus ráille trasna cothrománach eatarthu i bpróifílí
- Déantar leagan amach an fhotha ar an leibhéal foirmithe den láithreán
- Déantar an pointe tagra a aimsiú agus a dhaingniú
- Glactar gach leibhéal don fhoirgneamh ón bpointe sin as sin amach
- Is é an bealach is cruinne chun sin a dhéanamh leibhéal léasair nó leibhéal optúil a úsáid
- D'fhéadfaí barr na próifíle a chríochnú ar leibhéal an urláir
- Déantar na próifílí eile a leibhéaladh as sin.


**Leithead agus doimhneacht an trinse – Nótaí agus sceitsí**




- Aimsítear dronuilleog imlíne an fhoirgnimh ar na próifílí
- Marcáiltear leithead an trinse T = 1200 mm ar na próifílí ansin
- Marcáiltear leithead an bhalla W = 400 mm ar an bpróifíl ansin
- Úsáidtear leibhéal léasair nó stafóg leibhéalaíochta chun barr chiseal an fhotha a shocrú de ghnáth
- Socraítear an doimhneacht íosta trinse D leis sin.
- Is é 500 mm an doimhneacht íosta fotha.
- Braitheann doimhneacht an fhotha ar an gcineál ithreach
- Ní mór go mbeadh bun an trinse faoin tsioclíne toisc go gcruthaíonn reo agus leá fadhbanna, tagann meirg ar an gcruach agus scoiltear fothaí stéille ar deireadh.

**Suíomh an bhalla ar an bhfotha stéille – Nótaí agus sceitsí**


- Socraítear leithead na mballaí agus ionad na mballaí ar na próifílí
- Síntear línte amach ó na próifílí
- Is féidir ionad an bhalla a cheartingearú ar an bhfotha cothrom ansin
- Seiceáiltear an leithead 400 mm ansin
- Ní mór an balla a chur i lár an fhotha
- Ní mór go mbeadh na teilgin ar an dá thaobh den bhalla cothrom.



**Cuid (c)**


**Taispeáin conas a aimsítear barrdhromchla an fhotha sula ndoirtear an choincréit, chun a chinntiú go bhfuil an fotha leibhéalta ina iomláine – Nótaí agus sceitsí**

- Buailtear sraith maidí isteach ag bun an trinse thochailte
- Cuirtear barr na maidí A agus B ag an leibhéal ceart den fhotha
- Úsáidtear maidí eile mar a bhíonn siad ag teastáil ar láthair an fhotha
- Socraítear mar a mbíonn barr na maidí le leibhéal léasair.





**Ceist 5 Cuid (a)**

**Tarraing gearradh ceartingearach trí sceimheal an dín leibhéalta agus tríd an mballa seachtrach – gnáthshonraí**




- Síondíonadh a dhéanamh le 3 shraith d'fheilt bhiotúmanach
- Deicre sraithadhmaid mhuirí 18 - 25 mm
- Athchaolaigh 50 × 50 mm
- Stiall leibhéalta go fána 1:40
- Scannán inanálaithe díonlaigh
- Giarsaí dín / síleála 200 mm × 50 mm
- Insliú 200 mm ar a laghad don díon chun na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair a chomhlíonadh
- Plástarchlár inslithe 12.5 mm le cóta scimeála
- Bacainn aerdhíonachta téipeáilte leis an bplástarchlár agus leis an tsaoirseacht
- Maide balla 100 mm × 75 mm ceangailte de bhlocobair le strapaí maide balla
- Cuas dúnta le hinsliú coiscthe dóiteáin nó le bacainn cuais dhílsithe nó le tíl nó slinn dhodhóite
- Plástar inmheánach 15 mm
- Bloc coincréite duille istigh 100 mm
- Cuas atá líonta go hiomlán le hinsliú
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Tarr 12 mm
- Clár éadain 25 mm
- Gáitéar sceimhleacha 100 mm




*Sonraí malartacha lena léirítear aerdhíonacht ar an taobh istigh agus gaothdhíonacht ar an taobh amuigh*

- Síondíonadh a dhéanamh le 3 shraith d'fheilt bhiotúmanach
- Deicre sraithadhmaid mhuirí 18 - 25 mm
- Caolaigh 50 × 50 mm
- Stiall leibhéalta go fána 1:40
- Scannán inanálaithe díonlaigh
- Clár sliseog treoshuite (OSB) 10 mm
- Giarsaí dín / síleála 200 mm × 50 mm

*Tabhair ar aird: Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*

**Cuid (b) – Taispeáin ar do líníocht conas a dhéantar an díon a aeráil ag an sceimheal**

- Tá gaothairí mar chuid den tarrchlár le go mbeidh aershreabhadh i spás an dín mhaoil
- Bíonn an t-aer in ann bogadh go héasca idir na giarsaí mar gheall ar na traschaolaigh.

**Ceist 6 Cuid (a)**

**Tarraing sceitse saorláimhe de na comharthaí sábháilteachta do gach ceann de na píosaí de threalamh cosanta pearsanta (PPE) a luaitear thíos – Sceitsí**



Veist shofheicthe




Coisbheart cosanta



Clogad

**Cuid (b)**
**Déan cur síos ar ghné dhearaidh amháin  de gach ceann de na píosaí sábháilteachta a chabhraíonn leis na hoibrithe a chosaint ar ghortú – Nótaí agus Sceitsí**


**Veist shofheicthe**



- Bíonn dath geal ar an veist shofheicthe
- Feictear an dath go héasca
- Bíonn dath geal/fluaraiseach oráiste nó dath geal/fluaraiseach buí ar veisteanna sofheicthe go traidisiúnta
- Bítear sofheicthe sa chuid is gile den lá mar gheall ar an ábhar fluaraiseach
- Bíonn stiallacha frithchaiteacha ceartingearacha agus cothrománacha uirthi
- Cuirtear na stiallacha frithchaiteacha uirthi le go bhfeicfear í nuair a bheidh an lá níos dorcha
- Bíonn solas saorga ag teastáil le go n-oibreoidh na stiallacha
- Cruthaíonn sé sin ais-fhrithchaiteamh.

**Coisbheart cosanta**


- Tugann buataisí sábháilteachta sábháilteacht bhreise do na hoibrithe ar an láithreán
- Bíonn siad láidir buanfasach
- Cabhraíonn sé sin leis na cosa a chosaint




- Cosnaíonn an bairbín cruach A na ladhracha ó rudaí a thiteann anuas orthu
- Úsáidtear bairbíní cruach, plaisteacha agus alúmanaim faoi láthair
- Úsáidtear pláta i lár an bhoinn B chun bonn na coise a chosaint ar tholladh aníos
- Cosnaíonn an t-ábhar a úsáidtear sa bhonn an chos ar shubstaintí creimneacha
- Déantar a thuilleadh treisithe ar an tsáil ar mhaithe leis an gcosaint
- Déantar caipíní sáile as cárta, leathar nasctha, scragall teirmeaphlaisteach nó rubar teirmeaphlaisteach
- Tugann an caipín sáile cosaint ar an rúitín a chasadh
- Tá stuáil ar an taobh istigh de na bróga le go mbeidh an té a chaitheann iad compordach.

**Clogad sábháilteachta**

- Déantar an clogad d'ábhar láidir agus cosnaíonn sé an ceann ó rudaí a thiteann anuas
- Cosnaíonn sé an ceann ó rudaí a ghobann amach freisin




- Go hiondúil déantar blaosc S an chlogaid as poileitiléin ard-dlúis, teirmeaphlaisteach ard-dlúis nó snáithínghloine ard-dlúis.
- Coinnítear an clogad ina shuí ar cheann an úsáideora leis an úim níolóin H
- Glacann an úim leis an bhfuinneamh cinéiteach sa bhlaosc le linn tuairte
- Scaiptear an fórsa go cothrom ar fud an chinn
- Bíonn banda allais ar chlogaid áirithe.

**Cuid (c)**
**Mol píosa amháin eile de threalamh cosanta pearsanta (PPE) nach mór d'oibrithe a chaitheamh ar láithreán tógála. Tabhair cúis amháin le do mholadh.**
**Tabhair cúis amháin le do mholadh.**

**Súilchosaint**
**Cúis**
- Úsáidtear í seo chun na súile a chosaint ar rudaí géara
- Chun na súile a chosaint ar ghreann agus ar dheannach
- Chun na súile a chosaint nuair atá coincréit nó cruach á gearradh
- Cosnaítear na súile nuair a úsáidtear líomhadóir diosca nó nuair a bhíonn táthú ar siúl.


**Cluaschosaint**
**Cúis**
- Caitear cluaschosaint chun na cluasa a chosaint ar thorann leanúnach
- Cosnaítear na cluasa nuair atá trealamh druileála á úsáid
- Cosnaítear na cluasa nuair a bhíonn an torann ar leibhéal 85-90 deicibeil go leanúnach.

**Lámhainní sábháilteachta**
**Cúis**
- Nuair a dhéantar obair le himill ghéara e.g. gloine
- Nuair atá obair á déanamh le biotúman te ar dhíonta cothroma
- Nuair atá obair á déanamh le druileanna neomatacha nó le hinnealra creathacha
- Nuair a dhéantar obair le trealamh creimneach nó tocsaineach


*Glactar le trealamh oiriúnach ar bith eile freisin.*

**Ceist 7**

**Cuid (a)**
**Taispeáin an phíbobair atá riachtanach leis an t-uisce a bhailiú ón díon agus é a iompar go dtí an t-umar stórála faoi thalamh. Cuir lipéad ar na príomh-chomhpháirteanna agus tabhair a ngnáth-thoisí.**
**Gnáthshonraí - nótaí agus sceitsí**- *amhail*
- Gáitéar sceimhleacha 125 mm
- Seachlúba 65 mm
- Fánphíobán 65 mm
- Gaiste lintéir le scagaire do dhuilleoga
- Píobán 100 mm faoi thalamh chuig an scagaire
- Scagaire le píobán sceite
- Píobán 100 mm faoi thalamh ón scagaire chuig an umar stórála faoi thalamh
- Umar stórála faoi thalamh
- Píobán sceite.



**Cuid (b)**
**An phíbobair agus an pumpa atá riachtanach leis an uisce a thabhairt go dtí umar stórála san áiléar. Taispeáin conas sistéal an leithris a nascadh – Gnáthshonraí - nótaí agus sceitse** - *amhail*



- Píobán súite 12 mm le scagaire snámha
- Caidéal, le soláthar cumhachta, chun an t-uisce báistí a chaidéalú ón umar stórála faoi thalamh go dtí an t-umar stórála san áiléar
- Píobán 12 mm le huisce báistí chuig an scagaire
- Comhla stoptha
- Scagaire
- Píobán 12 mm le huisce báistí ón scagaire chuig umar stórála uisce de 230 lítear ar a laghad san áiléar
- Píobán 12mm chuig an sistéal leithris
- Comhla rialaithe
- Sistéal leithris
- Gnáth-thoisí na gcomhpháirteanna

**Cuid (c)**
**Buntáiste amháin a bhaineann le huisce báistí a stóráil in umar faoi thalamh – Nótaí** - *amhail*

- Ní ghlacann umair stórála uisce faoi thalamh aon spás ar láithreacha beaga
- Is féidir iad a chur faoi phlásóga nó faoi chabhsáin
- Is lú seans go mbeidh algaí a fhásann mar gheall ar sholas an lae agus ar luaineachtaí sa teocht sna humair seo
- Ní bhíonn cuma dheas ar umar stórála uisce os cionn talún uaireanta
- Bíonn uisce faoi thalamh ag teocht sheasmhach agus ní reofaidh sé san aimsir fhuar
- Bíonn umair stórála uisce faoi thalamh níos mó de ghnáth agus mar sin, stórálann siad níos mó uisce.


**Ceist 8 - Méadar cliste**

- Úsáidtear an méadar seo chun an méid leictreachais a úsáidtear a thaifeadadh
- Taifeadann sé ídiú leictreachais in áitreabh baile
- Múscláítear feasacht ar an bhfuinneamh a úsáidtear
- Cuirtear bainistíocht níos fearr ar an bhfuinneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn sa bhaile
- Tiocfaidh méadair chliste i gcomharba ar na méadair atá ann anois
- Léiríonn an méadar costas an leictreachais atá á úsáid chomh maith
- Is féidir eolas faoin úsáid a chur chuig an soláthróir tríd an bhfón póca
- Tugann an méadar cliste smacht don úinéir tí ar úsáid leictreachais
- Is féidir méadair chliste a shuiteáil chomh maith chun úsáid uisce nó gáis a thaifeadadh.



**Téip aerdhíonachta**

- Úsáidtear an téip chun séala aerdhíonach a dhéanamh ag ailt i struchtúr
- Cuireann an téip cosc ar shéideáin agus laghdaítear an méid teasa a chailltear
- Úsáidtear í chun séala a chur timpeall ar fhuinneoga, doirse, urláir agus síleálacha
- Úsáidtear í mar a dtagann dromchlaí le chéile
- Úsáidtear an téip chun séala aerdhíonach a dhéanamh timpeall ar ghiarsaí mar a mbuaileann siad le balla
- Úsáidtear an téip timpeall ar phíobáin agus ar dhuchtáil freisin
- Is féidir rollaí téipe a fháil ar fhaid agus ar leithid éagsúla.




**Fuinneog díonléis**

- Is cineál speisialta fuinneoige is féidir a oscailt í seo
- Úsáidtear ar dhíonta claonta í
- Is féidir aonaid speisialta a úsáid ar dhíonta maola nó ísealchlaonta
- Feistítear na haonaid le gloiniú dúbailte, triarach nó ceathrúil
- Ligeann díonléasacha solas isteach i spás seomraí san áiléar
- Is cuid thábhachtach den dearadh tí nua-aimseartha iad.




**Alt briosca**

- Baintear úsáid as an alt seo go forleathan nuair a dhéantar troscán sa lá atá inniu ann
- Úsáidtear an t-alt chun cláir ar leithid éagsúla a cheangal dá chéile
- Is iad na príomhchodanna den alt an briosca A agus an eitre B
- Déantar an briosca d’fheá bhrúite agus is féidir é a fháil ar mhéideanna éagsúla
- Ach siúntálaí brioscaí a úsáid, gearrtar eitre ar na ciumhaiseanna de na cláir atá ar aghaidh a chéile
- Cuirtear gliú ar chiumhaiseanna na gclár agus ar an eitre
- Cuirtear na brioscaí isteach ansin
- Crampáiltear na cláir le chéile go daingean.




**Feadán folmhaithe**

- Is cuid de phainéal gréine an feadán seo
- Déantar an feadán as gloine láidir theasdíonach
- Baintear an t-aer ón bhfeadán chun folús a dhéanamh
- Ritheann píobán copair teasa P trí lár an fheadáin
- Tá gliocól – leacht atá cosúil le hoibreán frithreo – sa phíobán
- Nuair a méadaíonn an teas, ardaíonn gal the chuig barr an phíobáin teasa
- Tá barr an phíobáin teasa ceangailte d’ilseoladán
- Sreabhann an sreabhán te ón bpainéal chuig an gcorna sa sorcóir uisce the
- Agus mar sin, téitear an t-uisce don teach
- Tá sé neamhdhíobhálach don chomhshaol agus cabhraíonn sé le hastuithe $CO_2$ a laghdú
- Is féidir na feadáin a shuiteáil chun treo na gréine a leanúint.







**Cithfholcadh aeraithe**

- Leis an gcineál seo cithfholcadáin, cuirtear aer isteach leis an sreabhadh uisce
- Laghdaítear an méid uisce a úsáidtear
- Laghdaítear an méid uisce a úsáidtear thar faoi 7 lítear sa nóiméid
- Úsáideann cithfholcadán traidisiúnta 12 lítear uisce sa nóiméid
- Laghdaítear costais fuinnimh
- Tá sreabhadh uisce compordach ann
- Tá sé neamhdhíobhálach don chomhshaol
- Tá an sconna speisialta cithfholcadáin níos leithne de ghnáth le níos mó pointí sreabhaidh.




**Slat talmhaithe**

- Atreoróidh slat talmhaithe sruth leictreach ó chiorcad leictreach
- Tabharfaidh sé an sruth leictreachais isteach sa talamh
- Tá sé riachtanach do theach ar bith chun gearrchiorcadadh agus tine leictreach a sheachaint
- Má théann an córas leictreachais as ord, scaipfidh an slat talmhaithe an sruth a scoiltear amach ón teach agus isteach sa talamh
- Seolfaidh sé an sruth leictreach ón teach má bhuailtear le tintreach é
- Is barra fada copair nó cruach í an tslat talmhaithe A a fheistítear taobh amuigh den teach
- Ceanglaítear de chóras leictreachais an fhoirgnimh í trí sheoltóir talmhaithe leictreoidí B
- Clampáiltear an seoltóir den tslat ag C
- Léiríonn an bosca gorm G mar a bhfuil an tslat talmhaithe
- Bíonn an tslat 1200 mm ar fad agus 15 mm ar tiús de ghnáth.





**Laisce maighnéadach**



- Is laiste é seo a úsáidtear ar dhoirse cófraí
- Úsáidtear an laiste go minic i dtroscán cistine agus i vardrúis
- Feistítear bun-aonad ar an bpríomhfhráma
- Bíonn dhá stiall mhaighnéadacha ar an mbun-aonad go hiondúil.
- Cuirtear pláta buailte ar an doras
- Nuair a dhúntar an doras, buaileann an pláta de na stiallacha maighnéadacha
- Ní mór an bun-aonad agus an stiall a ailíniú le go ndéanfaidh siad teagmháil mhaith.

**Soilse LED**


- Is coincheap nua-aimseartha soilsithe é seo
- Ciallaíonn an téarma Dé-óid astaithe solais (Light Emitting Diode)
- Tá soilse den chineál seo ar fáil don úsáid tís agus don úsáid tráchtála
- Tá cineálacha éagsúla feistí ar fáil do gach cás
- Úsáidtear in ionad bolgáin thraidisiúnta iad
- Maireann soilse LED níos faide
- Úsáideann soilse LED 90% níos lú fuinnimh i gcomparáid le bolgáin halaigine
- Is féidir bolgán LED 8 vata a úsáid in ionad gnáthbholgán 60 vata
- Cosnaíonn siad níos mó ná mar a chosnaíonn bolgáin thraidisiúnta ach maireann siad i bhfad níos faide.



**Ceist 9 Cuid (a)**


**Taispeáin conas a iompraítear an bhlocobair os cionn an oscailt, de ghnáth – Nótaí agus sceitse-** *amhail*

- Úsáidtear fardoras a dhéantar as coincréit réamhstrusta mar mhodh chun tacú le blocobair
- Suitear an fardoras coincréite ar an dá thaobh den oscailt
- Gobann an fardoras coincréite isteach os cionn na mballaí tacaithe d'fhad D 100 mm
- Tá an fardoras 100 mm ar leithead agus 65 mm ar tiús
- Cuirtear an fardoras ar mhoirtéal ag an dá thaobh
- Tógtar an bhlocobair isteach ar an dá thaobh agus ansin os cionn an fhardorais
- Úsáidtear bloic bheaga chun go mbeidh na leibhéil ar aon líne
- D'fhéadfaí fardoras coincréite treisithe a úsáid
- D'fhéadfaí fardoras cruach a úsáid chun tacú leis an mblocobair.




**Cuid (b)**
**Taispeáin conas a choimeádtar fráma an dorais dronuilleach fad is atá sé á fheistiú – Nótaí agus sceitsí -** *amhail*


- Feistítear stiallacha sealadacha adhmaid ar fiar ag cúinne amháin nó ag an dá chúinne
- Seiceáiltear go bhfuil na cúinní dronuilleach
- Cuirtear stiall ag bun an fhráma chun na cuaillí a choimeád comhthreomhar agus an fad ceart óna chéile
- Is féidir an fráma a fheistiú anois
- Baintear na suiteacha sealadacha agus an fráma feistithe san áit cheart.



**Taispeáin modh amháin le fráma an dorais a fheistiú ar an mballa – Nótaí agus sceitsí -** *amhail*

- Úsáidtear scriúnna oiriúnacha chun an fráma a fheistiú ar an mballa
- Marcáiltear mar a mbeidh na scriúnna ar an bhfráma
- Druileáiltear poll níos mó
- Druileáiltear na poill do na scriúnna tríd an lár
- Marcáiltear go cruinn mar a mbeidh na scriúnna ar an mballa ansin
- Druileáiltear poill sa choincréit do na dalláin phlaisteacha B
- Cuirtear an fráma ar ais ina ionad
- Cuirtear na scriúnna isteach ansin
- Úsáidtear suiteacha fráma miotail freisin
- Cuirtear cumhdaigh adhmaid ar cheann na scriúnna
- D'fhéadfaí plátaí cruach speisialta don fheistiú a úsáid ina n-áit

*Glactar le cur chuige oiriúnach ar bith eile freisin*



**Cuid (c)**
**Pléigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le doirse dúbailte gloinithe a fheistiú idir an seomra suí agus an seomra bia**

**Buntáiste**
- Osclaítear amach an limistéar leis an doirse dúbailte
- Níos mó spáis ar fáil
- Braitear go bhfuil an seomra níos mó
- Is féidir limistéar príobháideach a dhéanamh nuair is gá
- Is féidir limistéar ciúin a dhéanamh nuair is gá
- Is féidir daoine a thagann isteach i gcuid amháin a fheiceáil ón gcuid eile
- Ligeann siad an solas/solas na gréine isteach sa dá sheomra
- Cuireann siad bealach idir an dá sheomra ar fáil do chathaoireacha rothaí.

**Míbhuntáiste**
- D’fhéadfadh sé go mbeadh limistéar gloinithe contúirteach
- Cruthaítear limistéar an-mhór
- Deacair a théamh
- Níl sé príobháideach
- Bíonn níos lú spáis ann d’fheistí balla
- Laghdaítear an spás urláir atá ar fáil do throscán.

| Ceist 1 – Gearradh trí bhlocbhalla coincréite, fotha stéille, urlár na talún agus doras | |
|---|---|
| **Sonraí – gnáth-thoisí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Plástar inmheánach 15 mm le cóta scimeála | **5** |
| Fráma dorais 120 × 50 mm | **5** |
| Doras painéil comhréidh 60 mm | **5** |
| Imchásáil 65 × 15 mm agus clár sciorta 100 × 15 mm | **5** |
| Urlár saor crua-adhmaid 20 mm le teanga agus eitre | **5** |
| Urlár mín coincréite 100 mm | **5** |
| Insliú urláir 250 mm le bloic theirmeacha | **5** |
| Fo-urlár coincréite 200 mm | **5** |
| Bacainn radóin | **5** |
| Bailchríoch ghainimh 30 mm | **5** |
| Truncáil 200 mm | **5** |
| Bunsraith choincréite threisithe | **5** |
| Blocbhalla coincréite 215 mm | **5** |
| ***7 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (5 mharc an ceann)*** **Fo-iomlán** | **35** |
| Trí ghnáth-thoise ar bith | **3** |
| **Cuid (b)** | |
| **Taispeáin ar an líníocht na gnáth-shonraí dearaidh le gás radóin a chosc ar theacht isteach sna seomraí** | |
| An bhacainn radóin fhorluite, téip uirthi agus í séalaithe. | **4** |
